# Ag Obair mar Aturnae

Ag Obair mar Aturnae

LAW SOCIETY
OF IRELAND

# BAIN CÁILÍOCHT AMACH

Má chinneann tú cáilíocht a bhaint amach mar aturnae beidh deis agat taitneamh a bhaint as gairm dlí dinimiciúil, spreagúil agus éagsúil. Tá tionchar ag an dlí ar gach gné dár saol lena n-áirítear cúrsaí gnó, airgeadais, maoine, teaghlaigh agus fostaíochta. Más mian leat cáilíocht a bhaint amach mar aturnae beidh ort a bheith dúthrachtach, beidh ort scrúduithe a dhéanamh agus beidh ort cúrsaí oiliúna gairmiúla a chur i gcrích. Ina dhiaidh sin, nuair a bheidh tú cáilithe mar aturnae, beidh deis agat taitneamh a bhaint as obair fhiúntach agus beidh deis agat cabhrú le do phobal féin, mar aon le tuarastal tosaigh maith a fháil agus tairbhe a bhaint as ionchais ghairme iontacha.

Seo a leanas na céimeanna atá le cur i gcrích chun cáiliú mar aturnae in Éirinn:

**1. Réamhscrúdú (neamhchéimithe)**
**2. Scrúdú Iontrála FE-1 le haghaidh Dhlí-Chumann na hÉireann**
**3. Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil**
**4. Oiliúint laistigh den Oifig**
**5. Ainmnithe ar Liosta na nAturnaetha**




# CÉIM A HAON: RÉAMHSCRÚDÚ




**IS NEAMHCHÉIMÍ MÉ. AN FÉIDIR LIOM CÁILIÚ MAR ATURNAE?**
IS FÉIDIR. Is í an chéad chéim an Réamhscrúdú a dhéanamh, atá deartha le haghaidh neamhchéimithe. Reáchtálfar an scrúdú seo uair sa bhliain, i mí Márta de ghnáth.

Tá na trí pháipéar seo a leanas le déanamh mar chuid den scrúdú:

- Béarla
- Rialtas agus Polaitíocht na hÉireann
- Eolas Ginearálta

Is é 50% an pasmharc atá luaite leis na trí pháipéar agus ní mór pas a fháil i ngach páipéar in aon iarraidh amháin chun pas a fháil sa scrúdú. Tugtar cead d'iarrthóirí an scrúdú a dhéanamh trí huaire éagsúla, ar a mhéad. Ní mór go mbeadh iarrthóir 21 bliain d'aois ar a laghad chun an Réamhscrúdú a dhéanamh.

Chun an raon éagsúil iarratasóirí ar mian leo cáiliú mar aturnaetha a éascú, tugann an Dlí-Chumann réamhaitheantas do chatagóirí cáilíochtaí agus dá réir tá siad díolmhaithe ón Réamhscrúdú a dhéanamh. Tá liosta iomlán de na cáilíochtaí díolmhaithe le fáil ar ár suíomh gréasáin: **https://www.lawsociety.ie/becomingasolicitor**

*Nuair a bheidh an Réamhscrúdú déanta agat beidh cead agat leanúint ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile agus Scrúdú Iontrála FE-1 a dhéanamh.*

2

# CÉIM A DÓ: SCRÚDÚ IONTRÁLA FE-1 LE HAGHAIDH DHLÍ-CHUMANN NA HÉIREANN

### CÉARD É FE-1?

Is é an Scrúdú Deiridh - Cuid a hAon (FE-1) an scrúdú iontrála le haghaidh Dhlí-Chumann na hÉireann. Reáchtáiltear an scrúdú faoi dhó sa bhliain, san earrach agus san fhómhar de ghnáth agus tá ocht bpáipéar ar fad le déanamh atá bunaithe ar chroí-ábhair dlí.

1. Dlí Cuideachtaí
2. Dlí Bunreachtúil
3. Dlí na gConarthaí
4. Dlí Coiriúil
5. Dlí an Aontais Eorpaigh
6. Cothromas
7. Dlí Réadmhaoine
8. Dlí Tortanna

### CÉN FÁTH A BHFUIL SCRÚDÚ IONTRÁLA LE DÉANAMH?

Is bealach é an scrúdú seo lena chinntiú go gcuireann aturnaetha faoi oiliúint, a bhfuil cúlraí difriúla oideachais acu agus a bhfuil cúrsaí tríú leibhéal i ndisciplíní difriúla déanta acu, na dána, na daonnachtaí, innealtóireacht nó eolaíocht mar shampla, tús lena n-oiliúint phraiticiúil sa Dlí-Chumann leis an leibhéal céanna eolais sna hocht n-ábhar sin.

### AN BHFUIL MÉ INCHÁILITHE CHUN FE-1 A DHÉANAMH?

Má tá an chéad bhliain nó aon bhliain ina dhiaidh sin de chúrsa críochnaithe agat a bhfuil cáilíocht ag leibhéal 7 nó leibhéal níos airde ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann mar thoradh air nó céim bronnta ag ollscoil i Sasana, Tuaisceart Éire-ann, Albain nó An Bhreatain Bheag, tá tú incháilithe chun FE-1 a dhéanamh. Más neamh-chéimí thú agus má tá an Réamhscrúdú críochnaithe agat nó má tá díolúine faighte agat ón Réamhscrúdú tá tú incháilithe chun FE-1 a dhéanamh freisin.

Tá an t-eolas ar fad a theastaíonn uait maidir le Scrúduithe Iontrála FE-1 le fáil ar ár suíomh gréasáin: **https://www.lawsociety.ie/becomingasolicitor**

*Nuair a bheidh do chuid Scrúduithe Iontrála FE-1 déanta agat is féidir leat iarratas a dhéanamh freastal ar ár gCúrsa Cleachtais Ghairmiúil.*





3

# CÉIM 3: CÚRSA CLEACHTAIS GHAIRMIÚIL (CCG)

Is cúrsa oiliúna lánaimseartha é an Cúrsa Cleachtais Ghairmiúil (CCG). Tá CCG dírithe ar chleachtas agus i rith an chúrsa foghlaimeoidh tú conas obair aturnae a dhéanamh.

Ní mór go mbeadh iarratasóirí ar CCG in ann fianaise maidir leis an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Pasmharc bronnta nó díolúine faighte le haghaidh an Réamhscrúdaithe (neamhchéimithe).
- Pasmharc faighte i Scrúduithe Iontrála FE-1.
- Aturnae incháilithe (atá ag cleachtadh a ngairme faoi láthair) a bheidh sásta feidhmiú mar aturnae oiliúna.

## EOLAS MAIDIR LE CCG

- Tá grúpaí beaga teagaisc agus scileanna a bhfuil idir 6 agus 20 aturnae faoi oiliúint páirteach iontu, atá ag obair le chéile chun fadhbanna dlí a réiteach, ag tacú leis na léachtaí a reáchtáiltear.
- Is iad aturnaetha atá ag cleachtadh a ngairme faoi láthair, ar saineolaithe iad ina réimsí cleachtais féin, atá i mbun fhormhór na ranganna.
- Páirteach inár bhfoireann teagaisc tá aturnaetha ó ghnólachtaí tráchtála móra, aturnaetha atá ag obair don Stát, cleachtóirí ginearálta agus dlíodóirí intí.
- I láthair na huaire, tá thart ar 1,200 aturnae i mbun ranganna dúinn; ciallaíonn sé sin go bhfuil breis is 10% de na haturnaetha ar fad atá ag cleachtadh a ngairm faoi láthair páirteach i gcúrsaí oiliúna atá á reáchtáil don chéad ghlúin eile d'aturnaetha.
- Déantar measúnú trí mheasúnú leanúnach agus scrúduithe ag deireadh an chúrsa.
- Soláthraíonn Clár Rochtana an Dlí-Chumainn Scoláireachtaí agus Sparánacht chun cabhrú le daoine táillí iontrála agus cothabhála a íoc. Chomh maith leis sin, tá tú incháilithe chun iarratas ar dheontas mic léinn a chur faoi bhráid SUSI.

Tá tuilleadh eolais maidir le CCG le fáil ar ár suíomh gréasáin:
**https://www.lawsociety.ie/becomingasolicitor**

*Sula ndéantar iarratas freastal ar CCG ní mór do gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil conradh oiliúna dhá bhliain bunaithe aige/aici le haturnae oiliúna incháilithe.*



## CÉIM 4: OILIÚINT LAISTIGH DEN OIFIG

Is comhpháirt thábhachtach agus riachtanach d'oiliúint an aturnae é dhá bhliain a chaitheamh i mbun oiliúna laistigh den oifig. Ceanglaítear ar aturnaetha oiliúna treoir agus taithí réasúnta agus oiriúnach a chur ar fáil duit i dtrí réimse ar leith de chleachtas dlí. Gheobhaidh tú taithí i réimsí éagsúla dlí agus i scileanna cleachtais. Molann an Dlí-Chumann, i rith thréimhse na hoiliúna laistigh den oifig, go mbeadh aturnaetha faoi oiliúint á n-íoc de réir an Achta um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

Cuirimid go leor acmhainní ar fáil duit chun cabhrú leat Conradh Oiliúna a aimsiú. Áirítear ina measc:

- Seimineáir maidir le Conradh Oiliúna a Aimsiú.
- Ceardlanna maidir le CV agus Litir Chumhdaigh.
- Seisiúin Ceisteanna & Freagraí le hiar-aturnaetha oiliúna.
- Treoirleabhair maidir le conradh oiliúna a aimsiú i margadh an lae inniu ann.
- Foláirimh dhigiteacha maidir le conarthaí oiliúna a fhógraítear ar líne.

Tá tuilleadh eolais maidir le hOiliúint Laistigh den Oifig le fáil ar ár suíomh gréasáin:
**https://www.lawsociety.ie/becomingasolicitor**

## CÉIM A CÚIG: AINMNITHE AR LIOSTA NA NATURNAETHA

Nuair atá do scrúduithe CCG agus d'oiliúint laistigh den oifig déanta agat is féidir leat iarratas a dhéanamh d'ainm a áireamh ar Liosta na nAturnaetha.

Comhghairdeas – is aturnae thú anois. Tá tú anois páirteach i ngairm atá ag freastal ar an dlí agus ar an bpobal trí chéile le blianta fada anuas.



**Dhlí-Chumann na hÉireann**
Is é Dlí-Chumann na hÉireann comhlacht oideachais, ionadaíoch agus rialála ghairm na n-aturnaetha in Éirinn. Feidhmíonn sé feidhmeanna reachtúla faoi Achtanna Aturnaetha 1954 go 2008 i ndáil le hoideachas, cead iontrála, rollú, araíonacht agus rialáil ghairm na n-aturnaetha. Tá sé mar aidhm lenár Scoil Dlí eispéireas foghlama atá fiúntach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil, mar aon le seirbhís do chustaiméirí atá cairdiúil agus éifeachtúil.

**Tacaíochtaí agus Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas**
Táimid tiomanta do thimpeallacht foghlama comhdheiseanna a sholáthar, a fhreastalaíonn ar riachtanais shonracha agus éagsúla ár bhfoghlaimeoirí ar fad. Tá tuilleadh eolais maidir leis an tacaíocht agus na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas le fáil ar ár suíomh gréasáin:
**https://www.lawsociety.ie/becomingasolicitor**

Blackhall Place, D7
T +353 1 672 4802
F +353 1 672 4992
R-PHOST lawschool@lawsociety.ie
W www.lawsociety.ie